# Poetry – An tEarrach Thiar

# Irish Past Exam Questions

# Higher Level

# 2012

**Paper Two - Section 1 - Question 3A**

**3A** (i) "Baineann an file úsáid éifeachtach as íomhánna agus as fuaimeanna chun a bhfuil ina chroí istigh a nochtadh dúinn sa dán *An tEarrach Thiar* (thíos)."

Déan plé gairid ar an ráiteas sin. (14 marc)

(ii) Críochnaíonn gach véarsa leis an líne *"San Earrach thiar"*. Cén éifeacht a bhaineann le hathrá na bhfocal sin, dar leat? (6 marc)

(iii) Scríobh nóta gairid ar shaol agus ar shaothar an fhile seo. (10 marc)

## An tEarrach Thiar

Fear ag glanadh cré
De ghimseán spáide
Sa gciúnas séimh
I mbrothall lae:
    Binn an fhuaim
    San Earrach thiar.

Fear ag caitheamh
Cliabh dhá dhroim,
Is an fheamainn dhearg
Ag lonrú
I dtaitneamh gréine
Ar dhuirling bháin:
    Niamhrach an radharc
    San Earrach thiar.

Mná i locháin
In íochtar diaidh - thrá,
A gcótaí craptha,
Scáilí thíos fúthu:
    Támh - radharc síothach
    San Earrach thiar.

Toll - bhuillí fanna
Ag maidí rámha,
Currach lán éisc
Ag teacht chun cladaigh
Ar ómhuir mhall
    I ndeireadh lae;
    San Earrach thiar.